

Coláiste Curam

Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta

Réamhrá:

Tugann Coláiste Cúram áird ar leith do Shláinte agus Sábháilteacht mar ghné mhórálach agus dleathach.

Cuirfear na gnéithe atá léirithe anseo faoi bhráid an fhoirinn uilig mar chuid d'ullmhucháin agus beidh súil go bhfeidhmeoidh siad i gcomhthéacs na coinníollacha agus treoirínte sin. Is é aidhm an Choláiste féachaint i ndiaidh sláinte, sábháilteacht agus leas gach uile bhall den choláiste.

Oibreoidh an Phríomh-oide, an lár-choiste agus foireann uile an choláiste chun cúram sláinte agus sábháilteachta a choiméad lárnach ina gcuid oibre.

Is iad aidhmeanna an Choláiste:

- Timpeallacht a chruthú atá sábháilte agus slán ó bhaol agus contúirt
- Timpistí agus ócáidí eas-sláinte oibre a stad agus a sheachaint más feidir
- Treallamh a úsáid, a chothú agus a stóráil go sábháilte
- Cinntiú go mbeidh an fhoireann cumasach in aon obair a bheidh idir lámha acu.
- Meastóireach bhaoill a dhéanamh ó am go h-am.

Laistigh den champa tá sé rí-riachtanach baoill a aithint a mheas agus a smachtú ionas gur feidir timpistí agus eachtraí a laghdú. Oibreoidh an fhoireann i gcomh-pháirt le Stiúráthóir an Champa chun baoill sábháilteachta agus sláinte a eascróidh as imeachtaí an choláiste a mheas agus chuirfear coinníollacha i bhfeidhm chun aon bhaoill aithinte a laghdú nó a shlánú.

Chuirfidh stiúráthóir an champa aon imní nó baoill in iúil d'fhoireann an Choláiste. Tá freagracht ar Bhainisteoir an Champa a chinntiú go dtuigeann agus go n-aithníonn an Choláiste a fhreagracht maidir le Sláinte agus Sábháilteacht. Tá sé bunúsach go nglacann gach ball den choláiste go freagrach le curamaí sláinte agus sábháilteachta. Chuirfear an polasaí Smachta i bhfeidhm maidir le h-éinne nach gcomhlaíonn nó a dhéanann neamh-áird do chúramaí / moltaí sábháilteachta nó sláinte.

Tá Lár-choiste an Choláiste freagrach as:

- Cur i ngníomh riarú agus monatóireacht a dhéanamh ar an bpolasaí Sláinte agus Sábháilteachta
- Tá iachail ar an lár-choiste tuairisc a thabhairt do Bhainisteoir an Champa maidir le h-aon imní a aithnítear
- Duine a aithint agus a ainmniú chun an cúram sláinte agus freagrachta a ghlacadh i gcomh-pháirt le Bainistíochta an Champa

Tá an fhoireann – múinteoirí, ceannairí agus stiúrathoirí – freagrach as féachaint chuige go gcomhlionfar coinníollacha agus treoirinte an polasaí Sláinte agus Sabháilteachta go h-uile is go h-iomlán. Ina mbun sin tá iachail orthu:

- Bheith ar an airdeall maidir lena bhfreagrachtaí faoin bpolasaí Sláinte agus Sabháilteachta
- Cúram a dhéanamh d'aon treoir a thagann ó Bhainisteoir an Champa agus ón oifigeach Sláinte agus Sabháilteachta atá ainmnithe ag an gColáiste agus feidhmiú dá réir
- Freagracht a ghlacadh maidir lena shláinte agus sábháilteacht féin comh maith le Sláinte agus Sábháilteacht daoine eile ar an gcolaiste a fheadfadh a bheith thíos le h-aon neamh-áird nó cheal freagrachta a eascraíonn go réasúnta uathu le linn oibre nó h-imeachtaí
- Gach cúram réasúnta a dhéanamh de choimirce agus chuibhiúileacht na n-imeachtaí, na n-áiseanna agus an bhfearais imirthe
- Tuairisc a thabhairt ar eachtraí agus tionóiscí, ag déanamh cúram a leith d'aon coinníoll as a shíolraigh nó a fheadfadh baoil a shíolrú sa todhchaí

Cúram leanúnach an Choláiste maidir le Sláinte agus Sabháilteachta

Aláram tine agus dóiteáin a thriail agus a scrudú ar a laighead uair amháin le linn an choláiste. Cinntiú nach mbíonn aon bhac nó constaic gar do dhorais ealaithe.

Féachaint chuige go mbíonn árachas agus cumas cuí ag aon duine/dream a oibríonn i gcomh-pháirt leis an gColáiste chun imeachtaí a chur ar fáil nó ar bun.

Bheith neamhspléach ó oifigeach Chéad chabhrach an Champa tre ball nó baill den fhoireann a bheith cáilithe le teastas Chéad Cabhrach. Bosca leighis a bheith ar fáil agus iomlán le linn imeachtaí laistigh agus lasmuigh den champa.

Aon áiseanna leictreach agus cáblaí a mheas agus a mhúchadh thar oiche mar is gá.

Leighis agus instealladh práinneach - ar ghá a choimeád - a bheith ar fáil go sábháilte sa seomra foirne.

Ratification and Communication

This policy has been ratified by the Lár-Choiste..

Implementation Date 27th July 2022

This policy is in effect after being signed by the Lár-Choiste

Áine Ní Thuama

Áine Ní Thuama